Plean Bliana don Gharraí

1

MEÁN FÓMHAIR

- Déan plean don gharraí.
- Déan ceapacha ardaithe agus cosáin.
- Tosaigh ar charn múirín/araid phéiste.
- Cuir bleibeanna don earrach (am ar bith ó Mheán Fómhair go Samhain).
- Lom an féar (feighlí nó tuismitheoir).

DEIREADH FÓMHAIR

- Déan ceapacha glasraí taobh amuigh.
- Cuir barraí a fhásann sa gheimhreadh: gairleog, oinniúin, aoileach glas, grán a fhásfaidh le linn an gheimhridh.
- Tabhair cuairt ar choillte dúchasacha áitiúla agus bailigh síolta crainn/cnónna.
- Cruthaigh plandlann chrann.

SAMHAIN

- Cuir fál sceach dúchasach measctha.
- Cuir coillearnach dúchasach (am ar bith go Márta).
- Cuir amach beatha d'éin/boird éan.
- Cuir ceapacha nár úsáideadh ar leataobh don gheimhreadh.
- Glan aon salachar, cuir feamainn nó aoileach agus móta le plaisteach dubh/cairtchlár air.
- Bailigh duilleoga chun múirín duilleoga/múirín a dhéanamh.
- Déan boscaí d'éin nó d'ialtóga.
- Cuir rúbarb.
- Croch leat gearrthóga.

NOLLAIG

- Cuir úllord de chrainn úll oidhreachta.
- Bearr aon tor torthaí atá ann cheana féin agus déan cothabháil orthu.
- Cuir leasú/múirín ag bun an phlanda, socraigh suas córas sábhála uisce.

EANÁIR

- Cuir toir bhogthorthaí agus toir torthaí beaga.
- Pleanáil uainíocht na gceapacha glasraí agus tarraing léarscáil díobh.
- Cuir saileach bheo le go ndéanfaidh sí áirse nó fál; figh, bearr, lom agus cuir slacht ar aon fhál/fhálú beo atá ann cheana.
- Turas timpeall thailte na scoile – déan conair dhúlra.
- Déan suíocháin le cur taobh amuigh sa gharraí.
- Tosaigh ag carnú lomáin/ábbar garbh sa gharraí.
- Scar amach plandaí luibheanna, e.g. síobhas, miontas.
- Cuir sútha talún i gcóras pota pirimide.

FEABHRA

- Leag prátaí ar leac na fuinneoige go bpéacfaidh siad.
- Cuir tús le tionscadail ina gcuirtear plandaí taobh istigh.
- Cuir féitheacha i measc fálta.

MÁRTA

- Cuir síolta glasraí taobh istigh.
- Tosaigh ag cur ceapacha le prátaí luatha, gairleog, oinniúin.
- Cuir gráin oidhreachta.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Plean Bliana don Gharraí ar lean.

1

AIBREÁN

- Cuir prátaí, gairleog agus oinniúin i gceapacha, coinnigh glasraí atá ag síolú taobh istigh.
- Tosaigh ag cruachan na bplandaí síolóige.
- Cosain gach planda ó dhrúchtíní.
- Síolaigh cairéid, meacain bhána, raidisí agus ruachan go díreach.
- Bain neantóga agus meacan compair chun beathú leachtach a dhéanamh.
- Ná gearr an féar i gcoillearnach ná in úllord; lig dó fás ina mhóinéar bláthanna fiáine.
- Cuir luibheanna a scaipeann faoin úllord agus na toir torthaí (plandáil choimhdeachta).

BEALTAINE

- Cuir leitís, peirsil, lusanna na gréine, calendula agus pis chumhra taobh amuigh.
- Cuir síolta puimcíní, cúirséid, lusanna na gréine.
- Cuir prátaí a fhásann deireanach
- Cuir taobh amuigh agus déan taca le cur le piseanna agus pónairí, glan salachar as ceapacha – cuir múirín orthu, cuir síolta bláthanna fiáine do bhláthú sa bhfómhar.

MEITHEAMH

- Cuir puimcíní, cúirséid agus lusanna na gréine taobh amuigh.
- Bain na chéad phrátaí nua luath, leitís, peirsil.
- Glan salachar as na ceapacha.
- Turas den gharraí – féach ar na glasraí, plandaí, fiadhúlra, féileacáin, éin.
- Déan plean i dtaobh uisce a chur na ceapacha i rith an tsamhraidh agus aire a thabhairt dóibh.
- Tabhair beathú leachtach do na plandaí.
- Lom an féar (fearr).

2

Smaointe d 'fhéadfaí a chur ag obair am ar bith den bhliain

- Déan plean do gharraí na scoile.
- Bunaigh coiste scoile glas nó coiste don gharraí.
- Leag amach plean don méid a bheidh le déanamh i ngarraí na scoile don bhliain.
- Caint ar shábháilteacht uirlisí.
- Lá bhaint an earraigh agus cócaireachta lompaigh an carn múirín, tionscadal múirín 'web of life'.
- Socraigh suas tollán polaitéine sa gharraí.
- Sábháil síolta ó phlandaí agus ó bhláthanna sa gharraí don bhliain seo chugainn.
- Cuir meacan compair agus neantóga; scar agus scaip fréamhacha an mheacain chompair Déan/tóg lochán.

Tionscadail a Roinnt – Tionscadail Garraí de réir Ranga

1

Tionscadail a Roinnt

Tá go leor oibre le déanamh ag múinteoirí mar atá siad. Ach ní gá féachaint ar an ngarraí mar obair bhreise. Rogha amháin don scoil ná tionscadal bia a chur a thabhairt do gach múinteoir chomh maith le gnáthóg nó áit ar thailte na scoile le haire a thabhairt dó, a chothabháil agus staidéar a dhéanamh air mar chuid dá gcuraclam. Is féidir leis an múinteoir eolas a fháil ansin ar chineál áirithe bia & aire a thabhairt do ghnáthóg ar leith agus ní bheidh an cúram ar fad orthu maidir leis na jabanna uile atá le déanamh sa gharraí. Ciallaíonn sé freisin nach mbeidh múinteoir amháin freagrach as an ngarraí ar fad, cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh príomhphointe teagmhála ann – d'fhéadfadh gur ról i dtaobh scoil ghlas/garraí scoile é seo.

Seo sampla de theimpléad a mholtar le tionscadail a roinnt:

Grúpa Ranga: Naíonáin Bheaga & Mhóra
Tionscadail: Lusanna na Gréine agus Puimcíní, Sútha Talún i bPotaí. Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu: Luibheanna & Bláthanna.

Grúpa Ranga: Rang 1
Tionscadail: Fine an Oinniúin (Allium), oinniúin, gairleog, scailliúin, cainneanna, síobhais. Leitís & Plandaí Sailéid. Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu: Lochán Fiadhúlra (agus gnáthóg Phortaigh).

Grúpa Ranga: Rang 2
Tionscadail: grán oidhreachta
Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu: Úllord torthaí & ag cur luibheanna fúthu.

Grúpa Ranga: Rang 3
Tionscadail: Aoileach Glas (múirín beo), Fine an Chabáiste (brassicas). Tionscadail Garraí & Scoileanna Glas: Múirín & Athchúrsáil, Ithir & Mion-Ainmhithe (damháin alla, bóín dé, cuileoga etc.).
Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu: Ceantair fhiáine, móinéir de bhláthanna fiáine, carn lomáin.

Grúpa Ranga: Rang 4
Tionscadail: Glasraí fréimhe: biatais, cairéid, meacain bhána, raidisí. Tionscadail Garraí & Scoileanna Glasa: Measúnú ar Phlean Shuíomh na Scoile, plandlann chrann a dhéanamh. Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu:
Gnáthóg Choillearnaí.

Grúpa Ranga: Rang 5
Tionscadail: Fine na bPiseanna (Legumes), Piseanna Cumhra (Fál Piseanna Saileach). Tionscadail Garraí: Bailiú & sábháil uisce, ag déanamh conair dhúlra Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu: Toir Torthaí.

Grúpa Ranga: Rang 6
Tionscadail: Fine an Phráta (Solanum): prátaí, trátaí. Bain triail as spionáiste agus biatas bán freisin. Tionscadail Garraí: Adhmadóireacht: Boscaí d'éin agus d'ialtóga. Gnáthóga le haire a thabhairt dóibh/staidéar a dhéanamh orthu: Gnáthóg Fhál Sceach.



Páirt an Phobail

1

Páirt an Phobail

- Déan cinnte go bhfuil na múinteoirí ar fad sa scoil ar an eolas faoin ngarraí.
- Bíodh an feighlí ar an eolas freisin mar go mbeidh seisean ag gearradh an fhéir agus ag bearradh an fháil.
- Déan moladh go mbeadh an scoil saor ó cheimiceáin mar go mbeidh plandaí ag fás ar thailte na scoile.
- Bíodh an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí páirteach ann – déan cur i láthair dóibh chun iad a chur ar an eolas faoi agus coinnigh suas chun dáta iad faoin tionscadal.
- Amhlaidh is mó a úsáidtear an garraí, amhlaidh is fearr a bheidh sé!
- Bunaigh club garraíodóireachta do gach aois ghrúpa, d'fhéadfadh sé a bheith ar siúl tar éis na scoile nó ag am lóin.
- Déan iarracht na tuismitheoirí a mhealladh le bheith páirteach ann freisin – tairg torthaí agus glasraí saor in aisce dóibh as ucht a gcuid scileanna, ama agus acmhainní.
- Téigh an gcomhairle le an gcomhairle contae áitiúil, an t-oifigeach timpeallachta, an t-oifigeach oidhreachta, comhlachtaí forbartha tuaithe & forbartha pobail eile, oideoirí timpeallachta áitiúla agus táirgeoirí bia áitiúla chun tacaíocht nó eolas a fháil.
- Déan taighde ar chláir a dhéanfadh an garraí mar pháirt níos comhtháite den churaclam foirmiúil & neamhfhoirmiúil. I measc na gclár seo tá: Food Dudes/bia sláintiúil, Discover Primary Science, Scoileanna Glasa, Scéim Oidhreachta i scoileanna/INTO.
- Má tá garraí pobail nó talamh talmhaíochta áitiúil ann, d'fhéadfadh go mbeadh eolas áitiúil, saineolas & acmhainní acu a mbeadh teacht orthu.
- Cuir an nuachtán nó an raidió áitiúil ar an eolas faoi do gharraí scoile.
- Bíodh lá oscailte fómhair agaibh do gharraí na scoile – is féidir leis seo a bheith i Meitheamh nó Meán Fómhair. Úsáid é mar bhealach chun airgead a bhailiú do thionscadail nua sa scoil.